# Crann darach i mbaol

Leibhéal B2

## A: MACHNAMH

Beidh tú ag féachaint ar ball ar mhír faoi chrann darach atá i mbaol i Leitir Ceanainn. Pléigh na ceisteanna thíos leis an duine in aice leat:

1. Seo cuid de na crainn dhúchasacha atá againn in Éirinn. An féidir leat ainm na gcrann a mheaitseáil leis na pictiúir chuí? Scríobh an uimhir cheart in aice le gach crann.

    1. crann darach
    2. crann fuinseoige
    3. crann coill
    4. crann beithe
    5. crann péine
    6. crann caorthainn




2. Cad iad na crainn atá i do cheantarsa?
3. An mbíonn tú ag rothaíocht go minic? Cén fáth?
4. An bhfuil sé sábháilte a bheith ag rothaíocht i do cheantar? Cén fáth?
5. An bhfuil an Páirtí Cúitimh 100% (*100% Redress Party*) láidir i do cheantarsa? Is féidir tuilleadh eolais a fháil faoin bpáirtí sin anseo.
6. Cad é an páirtí polaitíochta is mó i do cheantar?
7. An mbíonn muintir na háite i do cheantarsa i mbun agóide anois is arís? Cén fáth?
8. An bhfuil na húdaráis áitiúla go maith ó thaobh cúrsaí comhshaoil de i do cheantar?

# B: FOCLÓIR

1. Beidh na focail thíos le cloisteáil sa mhír ar ball. An féidir leat na leaganacha Gaeilge a aimsiú anois sula bhféachfaidh tú ar an mír? Bain úsáid as www.focloir.ie chun cuidiú leat, más gá.

| | |
|---|---|
| a) *to fell, to cut down* | |
| b) *a popular reel (tune)* | |
| c) *in honour of* | |
| d) *wise* | |
| e) *cycling track* | |
| f) *against the threat* | |
| g) *maple trees* | |
| h) *residents* | |
| i) *consult* | |

2. Féach ar an mír den chéad uair agus aimsigh na focail thuas inti. An raibh na focail chéanna agat féin?

3. Cén Ghaeilge atá ar na téarmaí seo thíos?

| | |
|---|---|
| ***the county council*** | |
| ***county councillor*** | |
| ***municipal district*** | |

4. Cén Ghaeilge atá agat féin ar na frásaí seo:

*He has to*: ________________________ *He could*: ________________________



# C: TUISCINT

1. Bí ag obair leis an duine in aice leat. Féachaigí ar an mír arís agus breacaigí síos na pointí eolais is tábhachtaí ón mír. Caithfidh sibh achoimre ghearr a scríobh ar an méid a dúradh. Bíodh na pointí eolais thíos san áireamh san achoimre:

| |
|---|
| ✓ Cúlra Tomas Devine: |
| ✓ An crann darach atá faoi thrácht: |
| ✓ An t-amhrán – An Crann Darach: |
| ✓ An chúis atá leis na hagóidí atá ar bun: |
| ✓ An chúis a leagfaí an crann darach seo: |
| ✓ An méid a shíolraigh ón gcruinniú a bhí ag Ceantar Bardais Leitir Ceanainn: |



2. Dún do chuid nótaí ar fad agus tabhair achoimre ó bhéal don duine in aice leat ar ábhar na míre. Ná féach ar aon nótaí!

# D: FEASACHT TEANGA

## 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ainmneach agus an tuiseal ginideach)

a) Féach ar na crainn arís a pléadh faoi A: MACHNAMH. Tá an dara focal i ngach sampla sa tuiseal ginideach. Cén tuiseal ainmneach atá ag na samplaí sin? Líon isteach sa dara colún iad. Tá an chéad cheann déanta duit. Téigh go dtí www.foclóir.ie mura bhfuil tú cinnte.

| An dara focal sa tuiseal ginideach | Tuiseal ainmneach an dara focal |
|---|---|
| crann darach<br>crann fuinseoige<br>crann coill<br>crann beithe<br>crann péine<br>crann caorthainn | *dair (an dair)* |

b) Bhí go leor samplaí den tuiseal ginideach sa mhír. Líon na bearnaí leis an bhfoirm cheart de gach ainmfhocal atá idir lúibíní.

comhairleoir (contae) ________________________
An Páirtí (Cúiteamh) ________________________
raon (rothaíocht) ________________________
in éadan (an bhagairt) ________________________
muintir (an áit) ________________________
crainn (mailp) ________________________
ceantar (bardas) ________________________

## 2: Saibhreas teanga (an focal *know* as Gaeilge)

Tá a lán bealaí sa Ghaeilge chun *know* an Bhéarla a rá. Cuir na focail/frásaí thíos in abairtí lena mbrí a léiriú. Cad a bhí ag an duine in aice leat?

- ✓ Fios: Níl a **fhios** agam cá bhfuil sé.
- ✓ Eolas/cur amach: ________________________
- ✓ Aithne: ________________________

# E: CUMARSÁID

## 1: Caint – Díospóireacht – Ullmhúchán

Samhlaígí gur áitritheoirí sibh i mBaile Raithin i Leitir Ceanainn. Beidh díospóireacht agaibh ar ball faoin gcrann darach. Roinnfidh an múinteoir an rang ina dhá ghrúpa. Beidh deich nóiméad agaibh ar dtús le bhur bpointí a phlé le chéile. Bígí cinnte duine éigin ón ngrúpa a ainmniú chun nótaí a ghlacadh.

Grúpa A: Iad siúd atá i gcoinne an crann darach a leagan.

- ✓ tionchar ar an timpeallacht
- ✓ tionchar ar an mbithéagsúlacht
- ✓ tábhacht chultúrtha ag baint leis an gcrann
- ✓ áiteanna eile chun an raon rothaíochta *a* thógáil

Grúpa B: Iad siúd atá i bhfabhar an crann darach a leagan.

- ✓ sábháilteacht ar na bóithre
- ✓ cúrsaí tráchta go holc
- ✓ tionchar dearfach ar an timpeallacht – níos lú carranna.
- ✓ is féidir crainn eile a chur

## 2: Caint – An díospóireacht

Roghnaígí beirt urlabhraithe ón ngrúpa chun an díospóireacht a dhéanamh. Is é/í an múinteoir an cathaoirleach.

## 3: Scríobh

Scríobh litir ghearr go dtí an nuachtán áitiúil faoin gcrann chun do thuairim a léiriú faoin gcás – is é sin go bhfuil tú go mór i bhfabhar an crann a leagan nó go mór in éadan an crann a leagan.



# AN SCRIPT

**Eimear Ní Chonaola**
I Leitir Ceanainn i gContae Dhún na nGall, tá sé tugtha le fios ag an gcomhairleoir contae, Tomas Devine, ón bPáirtí Cúitimh 100%, nach mbeidh crann darach atá 90 bliain d'aois i mBaile Raithin le gearradh anuas le spás a dhéanamh do raon rothaíochta. Tá agóidí ar bun ag muintir na háite ó fritheadh[1] amach cúpla seachtain ó shin go raibh sé i gceist an crann a leagan.

**Ailbhe Ó Monacháin**
An Crann Darach, ríl mhór fidle Thír Chonaill in ómós do chrann uasal na hÉireann. Ach ní mórán suaimhnis atá ag an chasadhmad[2] críonna seo, atá ina sheasamh go státúil ar Bhóthar Bhaile Raithin i Leitir Ceanainn, ó tháinig an scéal ón chomhairle contae go gcaithfí é a leagan le spás a dhéanamh do raon rothaíochta. Le cúpla seachtain, tá agóidí ar bun ag daoine sa cheantar in éadan na bagartha seo.

Tá muintir na háite míshásta gur ghearr an chomhairle anuas crainn mailpe le cúpla oíche anuas le spás a dhéanamh don raon rothaíochta. Deir daoine eile go bhféadfadh an chomhairle an raon a chur thart ar an tseanchrann.

Deir na háitritheoirí atá míshásta nach ndeachaigh an t-údarás áitiúil i gcomhairle leis an phobal i gceart ach deir an chomhairle gur tharla seo in 2020 agus nár cuireadh ina éadan.

Ag an agóid inniu, dúirt an comhairleoir contae, Tomas Devine, ón Pháirtí Cúitimh 100%, go dtug[3] an chomhairle le fios ag cruinniú Cheantar Bardais Leitir Ceanainn inné nach ngearrfaí anuas an crann darach go dtí go labhrófaí arís leis an phobal faoi.

Ailbhe Ó Monacháin, Nuacht TG4 i Leitir Ceanainn.

[1] fritheadh = leagan canúnach de 'fuarthas'
[2] Canúint Uladh atá ag an gcainteoir seo; mar sin, cuirtear séimhiú seachas urú ar ainmfhocail i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt. Cuirtear 't' ar ainmfhocal firinscneach a thosaíonn le 's' i ndiaidh réamhfhocail agus an ailt.
[3] go dtug = leagan canúnach de 'gur thug'

# NÓTAÍ & FREAGRAÍ

## A: MACHNAMH

Cleachtadh gearr cainte é seo chun tús a chur le rang bríomhar ina mbeidh na foghlaimeoirí ag féachaint ar mhír nuachta, ag déanamh cleachtaí cluastuisceana agus ag comhrá faoi thopaic a bhaineann leis an mír ansin. Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

Tabhair deis do na foghlaimeoirí na ceisteanna a phlé le chéile. Pléigh na ceisteanna leis an rang iomlán ansin.

1. 
2. 
3. 
4. 
5. 
6. 

## B: FOCLÓIR

1. Féach :

| | |
|---|---|
| a) *to fell, to cut down* | a ghearradh anuas, a leagan |
| b) *a popular reel* | ríl mhór |
| c) *in honour of* | in ómós |
| d) *wise* | críonna |
| e) *cycling track* | raon rothaíochta |
| f) *against the threat* | in éadan na bagartha |
| g) *maple trees* | crainn mailpe |
| h) *residents* | áitritheoirí |
| i) *consult* | (téigh) i gcomhairle le |

2. Téigh siar ar an stór focal a bhí acu féin.
3. Féach:

| | |
|---|---|
| the county council | an chomhairle contae |
| county councillor | comhairleoir contae |
| municipal district | ceantar bardais |

4. Féach:
   *He has to*: Caithfidh sé / Ní mór dó / Tá air
   *He could*: D'fhéadfadh sé / Thiocfadh leis

## C: TUISCINT

Féach ar an script.

## D: FEASACHT TEANGA

### 1: Cruinneas gramadaí (an tuiseal ainmneach agus an tuiseal ginideach)

a) Féach:

| An dara focal sa tuiseal ginideach | Tuiseal ainmneach an dara focal |
|---|---|
| crann <u>darach</u> | *dair (an dair)* |
| crann <u>fuinseoige</u> | fuinseog (an fhuinseog) |
| crann <u>coill</u> | coll (an coll) |
| crann <u>beithe</u> | beith (an bheith) |
| crann <u>péine</u> | péine (an péine) |
| crann <u>caorthainn</u> | caorthann (an caorthann) |

b) Féach:

comhairleoir **contae**
An Páirtí **Cúitimh**
raon **rothaíochta**
in éadan **na bagartha**
muintir **na háite**
crainn **mailpe**
ceantar **bardais**

### 2: Saibhreas teanga (an focal *'know'* as Gaeilge)

Féach:

- ✓ Fios: Níl a **fhios** agam cá bhfuil sé. (ginearálta)
- ✓ Eolas/cur amach: Tá **eolas** maith aige ar an eolaíocht
  Tá **cur amach** aige ar Ghaillimh. (ar ábhar nó áit, mar shampla)
- ✓ Aithne: Tá **aithne** agam ar Bhríd. (daoine)

## E. Cumarsáid

### 1: Caint – Díospóireacht – Ullmhúchán

Caithfidh na grúpaí plé a dhéanamh chun a n-argóintí a ullmhú. Bí ag siúl timpeall ag cuidiú leo.

### 2: Caint – Díospóireacht

Tabhair deis dóibh ansin an díospóireacht a dhéanamh. Beidh tú féin mar chathaoirleach/stiúrthóir ar an díospóireacht. Ná téigh thar 10 nóiméad.

### 3: Scríobh

Iarr orthu ansin an litir ghearr a scríobh chuig an nuachtán áitiúil. Is leor 8 líne nó mar sin.

Curtha ar fáil ag Ollscoil Mhá Nuad (Ollscoil na hÉireann Má Nuad) | Lárionad na Gaeilge (Taighde, Teagasc & Tástáil) le tacaíocht ó

An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

TG4